Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2015**
**(OR. en)**

**9241/15**

**DEVGEN 81**
**ONU 70**
**ENV 341**
**ACP 85**
**RELEX 426**
**FIN 387**
**OCDE 12**
**WTO 116**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9084/15 DEVGEN 72 ONU 66 ENV 325 ACP 76 RELEX 400 FIN 368 OCDE 10 WTO 112 |
| Ábhar: | Comhpháirtíocht Nua Domhanda maidir le Díothú na Bochtaineachta agus maidir le Forbairt Inbhuanaithe i ndiaidh 2015'<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

**Comhpháirtíocht Nua Domhanda maidir le Díothú na Bochtaineachta agus maidir le Forbairt Inbhuanaithe i ndiaidh 2015**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

## I. Réamhrá

1. Is deis iontach é an Clár don tréimhse i ndiaidh 2015 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idirnasctha dhíothú na bochtaineachta agus na forbartha inbhuanaithe. Is tosaíocht é don Aontas agus do na Ballstáit go mbainfear an leas is fearr as an deis sin. Ina Conclúidí an 16 Nollaig 2014, leag an Chomhairle amach seasamh an Aontais maidir leis an mbealach ina bhféadfaí sin a dhéanamh ar bhealach uilíoch, claochlaitheach. Leis na Conclúidí seo déantar na Conclúidí ó mhí na Nollaig 2014 a chomhlánú agus gnéithe den chomhpháirtíocht nua dhomhanda a fhorbairt tuilleadh chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach.

2. Chun an clár forleathan sin a chur chun feidhme, beidh gá le comhpháirtíocht nua dhomhanda ar mhaithe le díothú na bochtaineachta agus an fhorbairt inbhuanaithe. Ba cheart go neartódh agus go gclaochlódh an chomhpháirtíocht nua sin an bealach ina n-oibríonn an pobal idirnáisiúnta le chéile.

3. Tá dul chun cinn suntasach bainte amach cheana féin. Leis an togra ón Meitheal Oscailte um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), an tuarascáil ón gCoiste Saineolaithe Idir-rialtasach maidir le Maoiniú na Forbartha Inbhuanaithe (ICESDF) agus an tuarascáil sintéise ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, léirítear gur féidir comhaontú a fháil maidir le Clár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 a bheidh uaillmhianach ó thaobh an duine de agus ó thaobh an phláinéid de gan éinne a fhágáil ar an trá fholamh.

4. Le himeachtaí móra idirnáisiúnta i mbliana, réiteofar an bealach i dtreo creat domhanda nua lena saineofar ár dtosaíochtaí comhchoiteanna do na blianta atá le teacht. Is den tábhacht é go mbeadh toradh rathúil ar an tríú comhdháil idirnáisiúnta maidir le Maoiniú um Fhorbairt i mí Iúil in Addis Abeba ("Comhdháil Addis Ababa"), chun teacht ar chomhaontú ar chreat comhleanúnach, claochlaitheach don ghníomhaíocht ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le clár oibre forbartha don tréimhse i ndiaidh 2015 a ghlacadh in Nua Eabhrac, agus ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i mí na Nollag i bPáras. Leis an toradh ar na trí phróisis sin, ba cheart go leagfaí béim ar na sineirgí agus na comhthairbhí a bhaineann le díothú na bochtaineachta agus an fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.

5. Is díol sásaimh dúinn an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Comhpháirtíocht Dhomhanda a bhunú chun an Bhochtaineacht a dhíothú agus Forbairt Inbhuanaithe a bhaint amach tar éis 2015" mar rannchuidiú tábhachtach chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheasamh an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát.

## II. <u>Treoirphrionsabail maidir le comhpháirtíocht nua dhomhanda</u>

6. Sna Conclúidí ón gComhairle i mí Nollaig 2014, leagadh amach roinnt treoirphrionsabal maidir le comhpháirtíocht nua dhomhanda. Dearbhaímid prionsabail sin na huilíochta, chomhroinnt na freagrachta, na cuntasachta frithpháirtí, mheas na gcumas faoi seach, chur chuige na n-ilgheallsealbhóirí. Ba cheart go mbeadh an chomhpháirtíocht nua dhomhanda bunaithe freisin ar chearta an duine, ar an gcomhionannas, ar an neamh-idirdhealú, ar institiúidí daonlathacha, ar an dea-rialachas, ar an smacht reachta, ar an gcuimsitheacht, agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus ar an urraim do theorainneacha pláinéadacha agus ba cheart go gcuirfí na nithe sin chun cinn leis an gcomhpháirtíocht nua sin. Cearta na mban, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, chomh maith le bheith ina gcuspóirí iontu féin, is príomh-modhanna cur chun feidhme iad agus ba cheart iad a chur chun cinn ar gach leibhéal.

7. Ba cheart, leis an gcomhpháirtíocht nua dhomhanda, tógáil ar SFM 8, agus dul níos faide ná sin, mar léiriú ar an aistriú paraidíme chuig clár oibre uilíoch, claochlaitheach, cuimsitheach. Is féidir leo uile rannchuidiú ar bhealach fónta chun spriocanna an chláir a bhaint amach. Beidh freagracht agus cuntasacht náisiúnta ríthábhachtach don Chlár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 agus dá chur chun feidhme, lena n-áirítear trí ghealltanais ar na leibhéil iomchuí agus trí ionstraimí amhail straitéisí don fhorbairt inbhuanaithe. Ní mór do chách gealltanais a dhéanamh, mar léiriú ar uilíocht an chláir agus ar na cumais dhifriúla agus na cumais sin a bhfuil éabhlóid ag teacht orthu agus ar na hathruithe sa gheilleagar domhanda. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit réidh le páirt a ghlacadh ina hiomláine, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht idirnáisiúnta agus trí chur chun feidhme intíre. Táimid ag súil freisin go ndéanfaidh comhpháirtithe eile – lena n-áirítear gníomhaithe nua agus gníomhaithe atá ag teacht chun cinn – a gcion cothrom freisin. Ní mór dúinn ár ngealltanais a chur i dtoll a chéile ar bhonn na freagrachta comhroinnte atá orainn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda.

8. Ba cheart, leis an gclár oibre nua, go dtabharfaí faoi chineálacha uile na bochtaineachta a dhíothú agus trí ghné na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach ar bhealach cothrom, comhtháite. Caithfidh sé cur lenár rún daingean deireadh a chur leis an dianbhochtaineacht taobh istigh d'aon ghlúin amháin, ag tógáil agus ag cur clabhsúr ar an obair a tosaíodh ach nár críochnaíodh fós faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Cuid thábhachtach den Chlár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 is ea iad na modhanna cur chun feidhme agus ní foláir iad a chíoradh go mionn. I gComhdháil Addis Ababa, ní hamháin gur cheart measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Chomhthoil Monterrey agus Dhearbhú Doha; ina theannta sin, ba cheart go mbeadh an Chomhdháil réamhbhreathnaitheach agus go mbreathnófaí ar gach modh cur chun feidhme, lena n-áirítear creataí beartais cumasúcháin agus an leas is éifeachtaí a bhaint as acmhainní airgeadais agus as acmhainní eile. Ba cheart don Chomhdháil cur chuige comhtháite a úsáid, lena dtabharfaí aghaidh ar na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe ar bhealach cothrom, ba cheart an comhleanúnachas beartas a chur chun cinn, agus ba cheart gealltanais agus spriocanna inghnóthaithe a chuimsiú ó na gníomhaithe go léir. Maidir leis an doiciméad deiridh ón gComhdháil, ba cheart é a mheas mar Mhodh Cur Chun Feidhme an Chláir Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015.

## III. Príomhghnéithe na Comhpháirtíochta Domhanda

9. Measann an tAontas agus a Bhallstáit gurb iad seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna de chur chuige cuimsitheach don mhodh cur chun feidhme i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta nua Domhanda: (i) timpeallacht fhabhrach, chumasúcháin bheartais a bhunú ar gach leibhéal; (ii) tacú leis an acmhainn chun cuspóirí a chur i gcrích; (iii) úsáid níos éifeachtaí a bhaint as airgeadas poiblí intíre; (iv) úsáid níos éifeachtaí a bhaint as airgeadas poiblí idirnáisiúnta; (v) leas a bhaint as an earnáil phríobháideach, idir intíre agus idirnáisiúnta; (vi) trádáil agus infheistíocht a spreagadh; (vii) an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuáil a chothú; agus (viii) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le himirce agus an leas is fearr a bhaint as an tionchar dearfach atá aici. Ina theannta sin, teastaíonn creat láidir don fhaireachán, don chuntasacht agus don athbhreithniú ón gcomhpháirtíocht dhomhanda, agus caithfidh sé sin bheith mar dhlúthchuid den Chlár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015.

### *(i) Timpeallacht fhabhrach chumascúcháin bheartais ar gach leibhéal*

10. D'uireasa timpeallacht fhónta don bheartas agus don rialáil, ní bheidh tionchar buan ag aon chineál eile cur chun feidhme. Ba cheart do na tíortha go léir a áirithiú go mbeidh beartais iomchuí i bhfeidhm, mar shampla, trí chreataí éifeachtacha reachtaíochta agus rialála chun an Clár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 a chur chun feidhme agus na SFManna a bhaint amach.

11. Ní mór do gach tír institiúidí éifeachtacha agus cuimsitheacha a chur chun cinn agus beartais thrédhearcacha a fhorbairt a bheidh bunaithe ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, agus lena gcothófaí an neamh-idirdhealú, cearta na mban, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, agus cuntasacht agus rannpháirtíocht éifeachtach na sochaí sibhialta. Is den tábhacht é go gcuirfí chun cinn sochaithe síochánta cuimsitheacha, an dea-rialachas agus rochtain ar cheartas do chách ar gach leibhéal, chun an clár oibre a chur chun feidhme agus is cuspóir tábhachtach ann féin é freisin. Mar chuid de sin caithfear an nasc atá ann idir an tsíocháin, cearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe a neartú agus caithfear córais éifeachtacha a áirithiú don bhuiséadú, don fhaireachán ar chaiteachas agus chun dul i ngleic leis an éillitheacht.

12. Caithfear aird speisialta a thabhairt ar stáit leochaileacha a bhfuil coinbhleacht ag cur as dóibh agus tá rannpháirtíocht idirnáisiúnta marthanach de dhíth orthu d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Is bunriachtanach iad spriocanna stáit agus cothú na síochána chun an acmhainn intíre a fhorbairt chun go ndéanfar na cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chomhtháthú go hiomlán le cuspóirí slándála agus forbartha.

13. Is féidir ionstraimí rialála a chomhcheangal le hionstraimí eacnamaíocha, amhail dreasachtaí buiséadacha, íocaíochtaí do sheirbhísí éiceachórais, praghsáil charbóin lena n-áirítear, go háirithe trí shásraí margaidh agus córais trádála astaíochtaí, agus ualaigh chánach a aistriú. Tá treoir úsáideach ag roinnt leis an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as', maidir le hionstraimí beartais a roghnú agus a cheapadh. I measc na luamhán beartais tábhachtach eile, caithfear soláthar poiblí inbhuanaithe a bheith ann agus caithfear fáil réidh de réir a chéile le fóirdheontais dhíobhálacha nach bhfuil ag teacht leis an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear fóirdheontais le haghaidh breoslaí iontaise, agus caithfear réitigh a chur chun cinn a bheidh éifeachtúil ó thaobh acmhainní, cliste ó thaobh na haeráide agus a chabhróidh ar bhealach níos éifeachtaí leis an mbochtaineacht a dhíothú. Is bunriachtanach freisin go ndéanfar acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

14. Is den bhunriachtanas é go mbeadh fostaíocht iomlán agus tairbhiúil agus obair chuibhiúil ar fáil, chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus ar an eisiamh sóisialta, obair lena mbeadh caighdeáin saothair á gcur chun feidhme a bheadh bunaithe, i measc nithe eile, ar choinbhinsiúin agus ar mholtaí de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Ba cheart an chosaint shóisialta a áirithiú ar bhealach leordhóthanach agus ba cheart bearta cuimsitheacha agus cothroma forbartha a chomhtháthú sna beartais ábhartha socheacnamaíocha. Is den bhunriachtanas é go mbeadh an ceart ag na comhpháirtithe sóisialta chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích gan bhac. Is den ríthábhacht é go mbeadh an t-idirphlé sóisialta ann chun an daonlathas a neartú agus chun an trédhearcacht a fheabhsú. Ina theannta sin, chun an neamhionannais a chomhrac, ba cheart don reachtaíocht, do na beartais agus do na cleachtais náisiúnta a bheith cuimsitheach agus go mbeadh rochtain ar sheirbhísí agus ar earraí atá inacmhainne, leordhóthanach agus ar ard-cháilíocht gan aon idirdhealú. Ba cheart aire speisialta a thabhairt dóibh siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is leochailí, lena n-áirítear leanaí, daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas, chomh maith le grúpaí imeallaithe agus pobail dhúchasacha. Ba cheart do na tíortha go léir an infheistíocht i gcaipiteal daonna a éascú trí oideachas, forbairt scileanna agus oiliúint agus rochtain a áirithiú ar sheirbhísí bunúsacha amhail an tsláinte agus an t-oideachas.

15. Caithfear beartais a chomhtháthú ar gach leibhéal chun go mbeidh rath ar Chlár Oibre na tréimhse i ndiaidh 2015. Ba cheart do na tíortha ar gach leibhéal forbartha a áirithiú go mbeidh a gcuid beartas ina gcuidiú comhtháiteach maidir lena dtosaíochtaí don fhorbairt inbhuanaithe, sa bhaile agus freisin go hidirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart do gach tír agus do gach geilleagar forbartha, a bhfuil meánioncam ard iontu, nó atá ag teacht chun cinn, gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad measúnú ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid beartas ar thíortha atá níos boichte. Le go mbeidh na beartais comhleanúnach, teastaíonn comhordú leordhóthanach, idirphlé tráthrialta idir na geallsealbhóirí agus caithfear na beartais a mheasúnú.

16. Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát tiomanta do Chomhleanúnachas na mBeartas don Fhorbairt, ós cuidiú fíorthábhachtach é sin leis an iarracht chomhpháirteach chun comhleanúnachas níos leithne a bhaint amach sna beartais don fhorbairt inbhuanaithe. Laistigh den Aontas, táimid tiomanta freisin do dhálaí a chruthú don fhás cliste, cuimsitheach, inbhuanaithe, lena n-áirítear trí straitéis Eoraip 2020, trí Straitéis an Aontais Eorpaigh um Fhorbraíocht Inbhuanaithe agus tríd an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol. Sa straitéis Eoraip 2020, mar shampla, tá spriocanna i ndáil le fostaíocht, infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt, an t-athrú aeráide agus an fuinneamh, an t-oideachas, an bhochtaineacht agus i ndáil leis an cuimsiú sóisialta, agus tionscnaimh amhail éifeachtúlacht acmhainní. Próisis amhail athbhreithniú ar straitéis Eoraip 2020, d'fhéadfaí iad a úsáid chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus chun cur leis an eolas agus leis an bhfeasacht ar fud Bhallstáit an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFIanna).

17. Ar an leibhéal domhanda, chun an Clár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 a chur chun feidhme, beidh gá freisin le córas institiúideach idirnáisiúnta, éifeachtach, ag tógáil ar na struchtúir agus ar na próisis atá ann cheana agus á bhforbairt, agus beidh gá le comhar eacnamaíoch agus airgeadais níos láidre. Déanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát a gcion chun an comhar réigiúnach agus domhanda a fheabhsú, agus oibreoidh siad chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh institiúidí iltaobhacha go comhleanúnach agus go gcomhlánóidh siad a chéile, agus leas á bhaint as sineirgí agus as naisc sna beartais uair ar bith is féidir. Le go ndéanfaí earraí poiblí domhanda a sholáthar agus a chosaint ar bhealach iomchuí agus le go mbeidh an tomhaltas agus an táirgeadh inbhuanaithe, tá gá freisin le beartais agus gníomhaíocht chomhordaithe idirnáisiúnta a bheadh á gcur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, amhail trí chreataí idirnáisiúnta cosúil le creat Sendai i ndiaidh 2015 maidir le rioscaí tubaiste a laghdú agus an Creat 10 mBliana de Chláir don Phatrúin Inbhuanaithe Tomhaltais agus Táirgíochta - agus tá gá freisin le comhaontuithe idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide, an bhithéagsúlacht, fairsingiú na bhfásach, uisce, ceimiceáin agus dramhaíl, éiceachórais, foraoisí agus aigéin. Ós rud é go mbíonn éifeacht mhéadaitheach ag an athrú aeráide ar dhúshláin dhíothú na bochtaineachta agus na forbartha inbhuanaithe, caithfear saincheisteanna an athraithe aeráide a chomhtháthú go beo sa chlár oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 agus sa chomhpháirtíocht dhomhanda a bheidh mar thaca aige. Caithfidh an Clár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 bheith comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, agus go háirithe caithfidh sé Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán. Ba cheart do bheartais náisiúnta a bheith comhleanúnach leis na creataí dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát de rannchuidiú le creataí idirnáisiúnta a neartú agus a fhorbairt.

***(ii) Tacú leis an acmhainn chun cuspóirí a chur i gcrích***

18. Leagaimid béim ar a thábhachtaí atá institiúidí éifeachtacha agus ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an acmhainn agus na scileanna riachtanacha ann chun an clár oibre a chur chun feidhme. Leis sin, caithfear a áirithiú go mbeidh an acmhainn ann beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme le dul i ngleic le dúshláin na forbartha inbhuanaithe agus chun bearta a ghlacadh, sonraí a bhailiú, torthaí a mheas agus straitéisí a athbhreithniú.

19. Ba cheart do na comhpháirtithe uile sa chomhar idirnáisiúnta an fothú acmhainní a neartú agus an comhar teicniúil a chur chun cinn, agus rannpháirtíocht na geallsealbhóirí go léir á háirithiú acu agus iarracht ar leith á déanamh acu sna tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus i stáit leochaileacha ina bhfuil coinbhleacht agus i stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha (SIDS).

20. Le go mbeifí in ann tacú leis an acmhainn chun cuspóirí a chur i gcrích, tá gá freisin le timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Is den ríthábhacht é go mbeadh na saoránaigh agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach chun an úinéireacht dhaonlathach, chun éifeachtacht na forbartha agus inbhuanaitheacht na dtorthaí a chothú. Le comhpháirtíochtaí a bhfuil an iliomad geallsealbhóirí iontu, féadfar cuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus féadfar eolas agus taithí a bhailiú le chéile ó lear mór gníomhaithe éagsúla.

21. Leanann an tAontas agus a chuid Ballstát de bheith tiomanta go ndéanfar an tacaíocht don fhothú acmhainní a fheabhsú agus a phríomhshruthú i ngach réimse den chomhpháirtíocht dhomhanda trí chur chuige il-gheallsealbhóirí. Beidh údaráis áitiúla agus fonáisiúnta ar thús cadhnaíochta freisin ó thaobh an Clár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 a chur chun feidhme. Beidh sé ríthábhachtach acmhainní a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar éifeachtacht na forbartha, agus tá an fhoghlaim ó phiar go piar agus an líonrú ó phiar go piar a n-éascú cheana féin ag an Aontas Eorpach agus a chuid Ballstát trí chláir chomhair theicniúil agus trí chláir forbartha institiúidí, mar shampla. Cuirfidh an tAontas dlús leis an tacaíocht a thugann sé don fhothú acmhainní, lena n-áirítear i réimse an staidrimh agus an fhaireacháin i dtíortha comhpháirtíochta.

22. Ba cheart don Aontas níos mó úsáid a bhaint, ina chuid gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní, as taithí a chomhaltaí i leith an aistrithe. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur thairg Ballstáit de chuid an Aontais a gcuid taithí agus saineolais a chur ar fáil go forleathan, mar shampla trí úsáid a bhaint as an gCoimre Eorpach Taithí Aistrithe.

***(iii) Leas a bhaint as airgeadas poiblí intíre agus é a úsáid go héifeachtach***

23. Is é an t-airgeadas poiblí intíre an fhoinse chobhsaí mhaoinithe is mó atá ar fáil go díreach d'fhormhór na rialtas agus, dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach do mhaoiniú na forbartha inbhuanaithe. Is ar na rialtais náisiúnta atá an phríomhfhreagracht chun leas a bhaint as acmhainní poiblí agus chun iad a úsáid go héifeachtúil. Ina theannta sin, is cuid thábhachtach é an cánachas, idir chaoi a chaite agus caoi a bhailithe, den chonradh sóisialta atá mar bhonn don chuntasacht intíre.

24. Ba cheart do na tíortha go léir gealltanas a thabhairt go mbainfidh siad leibhéil ioncaim rialtais amach a ligfear dóibh an maoiniú is fearr a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, ina dtír féin, ar dhíothú na bochtaineachta agus ar an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear trí neartú a dhéanamh ar na hinstitiúidí sin atá freagrach as an mbeartas ioncaim agus as an ioncam a bhailiú agus tríd an maoirseacht a dhéantar orthu a neartú.

25. Cuirfimid i bhfáth a thábhachtaí atá sé go ndéanfar an fhorbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú san airgeadas poiblí intíre. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach trí bheartais agus trí uirlisí cosúil le cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha mar shampla, agus trí bhuiséadú a bheadh íogair ó thaobh inscne de agus lena dtabharfaí aghaidh ar na neamhionannais.

26. Ba cheart do na tíortha uile a bheith tiomanta don dea-rialachas agus a áirithiú go mbeidh córais i bhfeidhm acu chun acmhainní poiblí a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil, trédhearcach, lena n-áirítear tríd an soláthar poiblí, agus chun acmhainní nádúrtha agus an t-ioncam gaolmhar a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Caithfear na bearta iniúchóireachta, na bearta frithchalaoise, agus na bearta i gcoinne an sciúrtha airgid agus an éillithe a atreisiú, an riarachán cánach a fheabhsú agus sreabha neamhcheadaithe airgeadais agus an tseachaint agus an imghabháil chánach a chomhrac. Ba cheart feabhas a chur ar na bearta trédhearcachta airgeadais; d'fhéadfaí a áireamh air sin tuairisciú tír-ar-thír agus malartuithe gaolmhara ina leith sin idir údaráis ábhartha; córais chuntasaíochta poiblí níos fearr, clárlanna cuideachta don úinéireacht thairbhiúil agus clárlanna don úinéireacht thairbhiúil d'iontaobhas a ghinfidh iarmhairtí cánacha, agus gníomhú níos láidir ó thaobh imscrúdú agus freagairtí maidir le forfheidhmiú an dlí mar thoradh orthu. Ba cheart torthaí G20 agus ECFE ina leith sin a chur san áireamh, lena n-áirítear an tionscadal maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) agus ba cheart na torthaí sin a chur chun feidhme. Ba cheart an trédhearcacht agus an chuntasacht a fheabhsú sna tionscail eastóscacha chomh maith, mar shampla trí íocaíochtaí le rialtais a nochtadh.

27. Tá gá le comhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an imghabháil agus leis an seachaint chánach agus le sreabha neamhcheadaithe airgeadais, lena n-áirítear i dtearmainn chánach, agus chun timpeallacht thrédhearcach, chomhoibríoch chánach a áirithiú lena bhféadfar leas a bhaint as an ioncam intíre. Ba cheart tacaíocht iomchuí a chur ar fáil do thíortha chun gur fearr an acmhainn a bheidh acu ról níos treise a bheith acu i ndáil leis na saincheisteanna sin.

28. Bíonn rochtain leanúnach, fhadtéarmach a teastáil ó thíortha ar mhaoiniú ó réimse foinsí. Is bunchloch de chuid na cobhsaíochta airgeadais é an maoiniú fiachais inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtach fiachais mar bhonn dó agus an Creat um Inbhuanaitheacht Fiachais de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)/an Bhainc Dhomhanda á threorú.

29. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do thíortha atá i mbéal forbartha chun an bainistiú a dhéanfaidh siad ar a gcuid airgeadais phoiblí, lena n-áirítear na córais chánach, a neartú. Caithfear aird speisialta a thabhairt ar dhúshláin shonracha na dtíortha is lú forbairt (LDCanna) agus na stát leochaileach agus na stát sin atá thíos le coinbhleachtaí. Déanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát timpeallacht chánach idirnáisiúnta a chur chun cinn a bheidh trédhearcach, comhoibríoch agus cothrom i gcomhréir le prionsabail an dea-rialachais.

***(iv) Leas a bhaint as airgeadas poiblí idirnáisiúnta agus é a úsáid go héifeachtach***

30. Leanann an maoiniú poiblí idirnáisiúnta de bheith ina ghné thábhachtach agus ina chatalaíoch den mhaoiniú foriomlán atá ar fáil do thíortha i mbéal forbartha, agus go háirithe do na tíortha sin is mó atá i ngátar, lena n-áirítear stáit leochaileacha agus stáit atá thíos de bharr coinbhleachtaí. Áirítear leis sin, ní amháin cúnamh forbartha oifigiúil (CFO), ach sreabha oifigiúla eile, comhar Theas-Theas agus comhar triantánach freisin, a bhfuil méadú suntasach tagtha ar a méid agus ar a dtábhacht le blianta beaga anuas.

31. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ina soláthraithe flaithiúla cúnaimh oifigiúil forbartha (ODA), agus iadsan a chuir níos mó ná leath de ODA ar fáil le blianta beaga anuas. Cé gur beag é ODA, ó thaobh cainníochta, do na tíortha atá i mbéal forbartha ina n-iomláine, is foinse mór airgeadais é le haghaidh na dtíortha is lú forbairt agus na stát leochaileach, nach bhfuil an acmhainn intíre acu chun teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile. Lena chois sin, is féidir le ODA bheith ina chabhair chun modhanna eile cur chun feidhme a ghiaráil, go háirithe maoiniú intíre poiblí agus infheistíocht na hearnála príobháidí, ach an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuáil freisin.

32. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta an sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta don sprioc 0.7% ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta don sprioc a choimeád nó do leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit sin ar Ballstáit iad ó 2002 ar aghaidh, déanfaidh siad a ndícheall ODA/OIN a mhéadú go 0,33%.

33. Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil forbartha (ODA), agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, mar aonad, an sprioc 0.15 - 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach sa ghearrthéarma, agus an sprioc maidir le 0.20 % OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.

34. I gcomhréir leis an tuarascáil sintéise ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, beidh gealltanais ó na gníomhaithe go léir ag teastáil, lena n-áirítear tíortha forbartha, tíortha a bhfuil meánioncam ard acu agus freisin geilleagair atá ag teacht chun cinn, le go mbainfear amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Iarrann an tAontas agus a chuid Ballstát ar thíortha eile ardioncaim gealltanas a thabhairt maidir leis an sprioc 0.7 % ODA/OIN agus leis na spriocanna 0.15-0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Ba cheart do gheilleagair atá ag teacht chun cinn agus do thíortha a bhfuil meánioncam ard acu freisin an tacaíocht airgeadais a thugann siad do thíortha atá i mbéal forbartha, agus do na tíortha is lú forbairt go háirithe, a mhéadú, agus ba cheart dóibh spriocanna a leagan amach chun é sin a dhéanamh laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.

35. Aithníonn an tAontas na dúshláin ar leith a bhíonn ag tíortha i mbéal forbartha san Afraic, agus i ndáil leis sin, leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cúnamh oifigiúil forbartha a dhíriú ar an mór-roinn sin, ag cloí go hiomlán, ag an am céanna, le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go láidir leis an Afraic agus geallann sé go dtabharfaidh sé tús áite dá chúnamh airgeadais don Afraic, níos mó ná riamh, agus go méadóidh sé é tuilleadh. Ag meabhrú di na gealltanais idirnáisiúnta a tugadh roimhe seo i leith na mór-roinne, tá an tAontas ag súil le gealltanais idirnáisiúnta shuntasacha a chomhaontú don Afraic, i gcomhthéacs na gcomhdhálacha idirnáisiúnta a bheartaítear do 2015.

36. Leis na hacmhainní poiblí idirnáisiúnta go léir ó na soláthraithe uile, ba cheart go dtacófaí le díothú na bochtaineachta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe ar bhealach cothromaithe agus comhtháite, a bheidh aeráid-chliste, aeráid-díonach agus éiceachóras-fhulangach. Ba cheart go ndéanfaí na hacmhainní sin a sheachadadh agus a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhréir le prionsabail éifeachtacht na forbartha, lena n-áirítear an úinéireacht, an trédhearcacht agus an chuntasacht fhrithpháirteach, agus béim á leagan ar thorthaí. Ba cheart go mbeadh na soláthraithe go léir ag iarraidh gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun faisnéis thráthúil, chuimsitheach agus réamhbhreathnaitheach a sholáthar maidir le sreabha acmhainní forbartha trí chaighdeáin sonraí oscailte a úsáid. Tá gá le hiarrachtaí ó na gníomhaithe go léir ilroinnt struchtúr an chomhair idirnáisiúnta don fhorbairt a laghdú, le go mbeifear in ann cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach ar leibhéal na tíre. Chuige sin, is féidir úsáid a bhaint as sásraí comhthiomsaithe maoinithe agus ionstraimí maolaithe riosca, lena n-áirítear trí chainéil iltaobhacha, go háirithe maidir le soláthar earraí poiblí domhanda. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go ndéanfar na hiarrachtaí atá ar bun chun tacú le díothú na bochtaineachta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, a bhfuil i bhfad níos mó ná cúnamh oifigiúil forbartha i gceist leo, a aithint agus a dhreasú tuilleadh. Agus i ndáil leis sin, táimid ag tnúth le leanúint leis an bplé atá ag dul ar aghaidh, faoi bheart nua staidrimh, a bheadh comhlántach le cúnamh oifigiúil forbartha, faoi thacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe, leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir.

37. Tá an tAontas agus a chuid Ballstát tiomanta d'éifeachtacht a bpolasaithe maidir leis an gcomhar don fhorbairt a fheabhsú i gcomhréir lena ngealltanais faoin gComhpháirtíocht Dhomhanda maidir le Comhar don Fhorbairt Éifeachtach (GPEDC), lena gcuirtear saineolas do chomhpháirtíochtaí d'ardcháilíocht ar fáil, lena n-áirítear dea-chleachtais, agus tá siad tiomanta freisin do phrionsabail Busan maidir le comhar éifeachtach don fhorbairt, ar phrionsabail a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta iad, a leanúint. Iarraimid ar chách a dhéanamh amhlaidh.

38. Is iomaí cineál maoinithe nuálaigh ann agus is é is aidhm leis acmhainní a shaothrú agus a sheachadadh ar bhealach intuartha, iontaofa agus éifeachtach, mar aon leis na huirlisí airgeadais a thiomnaítear don fhorbairt a éagsúlú. Ba cheart don phobal idirnáisiúnta leanúint de bheith ag féachaint an bhféadfaí foinsí nuálacha agus sásraí nuálacha a úsáid chun airgeadas poiblí idirnáisiúnta a threorú, amhail saoráidí cumaisc an Aontais Eorpaigh, agus maoiniú breise a ghiaráil, cosúil le tobhaigh agus cánacha idirnáisiúnta a eascróidh as an méid a bhainfear amach as an domhandú, do dhíothú na bochtaineachta agus don fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid. Thairis sin, aithníonn an Chomhairle go bhféadfaí tionscnaimh a mhaoiniú le cumasc nach meallfadh maoiniú agus infheisteoirí príobháideacha ar bhealach eile de bharr go bhfuil próifíl riosca ard agus/nó brabúsacht íseal ag baint leo. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle go leagfar béim ar éagsúlú an airgeadais a chuirfear ar fáil tríd an gcumasc, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon. Agus an cumasc ar bun, ba cheart an inbhuanaitheacht fiachais agus an chuntasacht fiachais a chur san áireamh go hiomlán agus ba cheart freisin suaití sa mhargadh agus rioscaí buiséadacha a sheachaint.

39. Is gníomhaithe ríthábhachtacha iad na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus na bainc forbartha iltaobhacha agus déthaobhacha chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Tá tábhacht ag baint leo maidir le maoiniú forbartha, a bheidh spriocdhírithe, a sholáthar, mar aon le maoiniú maidir le hearraí poiblí domhanda a sholáthar, lena n-áirítear trí thacú leis an aistriú go geilleagair ísealcharbóin, agus ba cheart go ndéanfaí a n-ionstraimí a fhorbairt tuilleadh chun maoiniú príobháideach a ghiaráil agus chun rioscaí a mhaolú, agus deimhin á dhéanamh de go ndíreofar maoiniú breise chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a mhaoiniú laistigh dá sainorduithe faoi seach. Ba cheart go ndéanfadh na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais an tacaíocht a thugtar maidir le dea-rialachas a threisiú, lena n-áirítear córais chánach atá trédhearcach agus cothrom agus an comhrac i gcoinne na sreabh aindleathach airgeadais. Beidh coimircí comhshaoil agus sóisialta ríthábhachtach in oibríochtaí uile na n-institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, go háirithe chun bonneagar inbhuanaithe a fhorbairt agus ba cheart go mbeadh institiúidí idirnáisiúnta airgeadais ar thús cadhnaíochta i ndáil leis sin. Is díol sásaimh don Aontas gur fógraíodh go dtacóidh na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais leis an gclár oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 a chur chun feidhme [1].

---

[1] Cruinnithe an earraigh de chuid an Bhainc Dhomhanda/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), Aibreán 2015: An ráiteas ón gCoiste um Fhorbairt.

40. Aithníonn an tAontas agus a chuid Ballstát an gá atá ann go háirithe le leas leordhóthanach a bhaint as sreabha cúnaimh oifigiúil forbartha agus as foinsí eile maoinithe a thugtar do chathracha agus d'údaráis áitiúla agus fonáisiúnta eile, agus soláthróidh siad fothú acmhainní leordhóthanach chun cabhrú leis na húdaráis sin leas agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as maoiniú poiblí agus príobháideach.

***(v) Leas a bhaint as an earnáil phríobháideach, idir intíre agus idirnáisiúnta***

41. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbainfí leas as an acmhainneacht a bhaineann leis an bhfiontraíocht phríobháideach, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Is é an fás eacnamaíoch faoi stiúir na hearnála príobháidí atá mar phríomhspreagadh do chruthú post agus cabhraíonn leis an mbochtaineacht a laghdú dá réir. Ba cheart go mbeadh an earnáil phríobháideach rannpháirteach go huile agus go hiomlán i gcur chun feidhme an chláir oibre don tréimhse i ndiaidh 2015. Is mó an t-airgeadas príobháideach, lena n-áirítear maoiniú ó infheisteoirí institiúideacha, ná na h-acmhainní poiblí go léir le chéile. Tá sé riachtanach go gcruthófar timpeallacht fhabhrach, chobhsaí gnó don earnáil phríobháideach, lena n-áirítear cothrom na Féinne ó thaobh na hiomaíochta de; a dhála sin freisin, tá sé ríthábhachtach institiúidí cuntasacha, éifeachtúla a bheith ann a ghníomhóidh i gcomhréir leis an smacht reachta. Uirlisí luachmhara is ea iad ionstraimí amhail an Creat Beartais maidir le hInfheistíocht (PFI) de chuid ECFE chun tacú le rialtais agus measúnú ar an timpeallacht gnó á dhéanamh acu agus athchóirithe á leagan amach acu freisin. Is féidir leis an earnáil phríobháideach an claochlú a spreagadh ó thaobh feabhas a chur ar tháirgiúlacht, ar éifeachtúlacht acmhainní, ar fhuinnimh inbhuanaithe, ar athléimneacht agus ó thaobh tomhaltas agus táirgiúlacht níos inbhuanaithe trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an comhshaol, trédhearcacht, glór a thabhairt agus cumhachtú, obair chuibhiúil, agus rochtain ar chosaint shóisialta.

42. Tá tábhacht ag baint le córais airgeadais chobhsaí chuimsitheacha chun leas a bhaint as caipiteal áitiúil ón earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, ní mór dúinn tacú le beartas fabhrach agus le creat rialála don earnáil airgeadais, le bonneagar airgeadais a neartú agus le hinstitiúidí airgeadais, a bheidh dírithe ar na cliaint agus inbhuanaithe agus ina mbainfear leas as coigiltis intíre, a thógáil.

43. Leagaimid béim ar an tábhacht a bhaineann le micrifhiontair, le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le fiontair an gheilleagair shóisialta chun poist a chruthú agus chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá ag feirmeoirí beaga. Maidir leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú do mhicreaghnólachtaí, do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus chun cuimsiú airgeadais a threisiú, go háirithe ar mhaithe le cumhachtú eacnamaíoch na mban, ba cheart dlús a chur leo. Is gá dreasachtaí a chruthú d'fhonn an earnáil neamhfhoirmiúil a chur ar bhonn foirmiúil de réir a chéile. Ba cheart dúinn foghlaim ón taithí atá faighte, saineolas a chomhroinnt agus tacaíocht ó fhothú acmhainní a sholáthar chun é sin a bhaint amach.

44. Ba cheart go mbeadh Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR), lena n-áirítear an ghné chomhshaoil a bhaineann léi, mar chroílár infheistíochtaí na hearnála príobháidí. Ba cheart a áireamh leis sin treoirlínte agus prionsabail, a aithnítear go hidirnáisiúnta, a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme, amhail Treoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, an Dearbhú Trípháirteach Prionsabal de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, Treoir-Chaighdeán ar Fhreagracht Shóisialta Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) 26000, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) do na Fiontair Ilnáisiúnta, ag cur freisin le comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana féin amhail na Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil (CICanna). Tá gá le hiarrachtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar dhícheall cuí, chun measúnú riosca leordhóthanach a áirithiú, chun feabhas a chur ar luach saothair le haghaidh Freagracht Shóisialta Chorparáideach chomh maith le feabhas a chur ar an nochtadh a dhéanann cuideachtaí i ndáil le cúrsaí rialachais, ar fhaisnéis chomhshaoil agus shóisialta agus ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart go spreagfaí gnólachtaí chun comhionannas inscne a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí a chuidíonn le cumhachtú eacnamaíoch na mban, lena n-áirítear sciar na mban sa chinnteoireacht ar gach leibhéal lena mbunaítear pá comhionann as obair chomhionann agus obair ar comhionann a luach. Tá gá le creataí iomchuí agus éifeachtacha chun comhlíonadh a áirithiú, lena n-áirítear i leith ábhair chomhshaoil, shóisialta agus airgeadais. Leanfaimid ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an earnáil phríobháideach chun slabhraí luacha domhanda atá freagrach a chur chun cinn, chun úsáid níos inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn, chun infheistiú i gcaipiteal nádúrtha agus chun srian a chur le sreabha aindleathacha airgeadais.

45. Chun leas a bhaint as an acmhainneacht a ghabhann leis an earnáil phríobháideach agus chun úsáid a bhaint as maoiniú príobháideach breise, lena n-áirítear ó fhondúireachtaí agus ó dhaonchairdeas, ní foláir na dreasachtaí cearta a leagan síos, lena n-áirítear trí bheartais agus trí rialacháin. Is féidir tábhacht a bheith le hionstraimí nuálacha airgeadais, amhail úsáid caipitil, iasachtaí agus ráthaíochtaí a chumasc, chun leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach le haghaidh tosaíochtaí beartais lena dtacaítear le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus le deireadh a chur leis an mbochtaineacht. Is féidir úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumaisc chun maoiniú príobháideach a ghiaráil don fhorbairt tríd an ualach riosca a chomhroinnt agus trí chostais a laghdú. Maidir leis na hionstraimí sin, is féidir leo cuidiú leis an bhfás glas, le cruthú post, leis an nuáil agus tacú le gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, i measc rudaí eile.

***(vi) Trádáil agus infheistíocht a spreagadh***

46. Is ionann trádáil agus ceann de na príomhghnéithe chun fás cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus is bealach fíor-riachtanach cur chun feidhme í le haghaidh an Chláir Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015. Aithníonn an tAontas an tosaíocht atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le saincheisteanna trádála ar an leibhéal domhanda. Ar an leibhéal náisiúnta, is ar gach tír atá an phríomh-fhreagracht maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as na sochair a d'fhéadfadh a bheith ag an trádáil trí dhea-rialachas, trí bheartais fhónta, trí thimpeallacht chobhsaí rialála atá fabhrach don earnáil phríobháideach agus d'fhiontraíocht inbhuanaithe, don nuáil, d'infheistíocht agus do bhainistiú inbhuanaithe an tslabhra soláthair. Is féidir an méid sin a éascú trí Chúnamh don Trádáil agus tríd an bhfothú acmhainní a bhaineann leis. Ba cheart do na tíortha forbartha uile agus do na geilleagair ar fad atá ag teacht chun cinn a gCúnamh don Trádáil a dhíriú ar bhealach níos fearr ar thíortha atá i mbéal forbartha, le cion níos mó den chúnamh don trádáil á thabhairt do na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus do thíortha eile atá i mbéal forbartha agus is mó atá i ngátar. Ba cheart iarrachtaí a dhíriú ar LDCanna agus ar na tíortha eile atá i mbéal forbartha is mó atá i ngátar. Ba cheart riachtanais na dtíortha talamhiata atá i mbéal forbartha, a bhfuil éascú na trádála agus bonneagar trádála thar a bheith tábhachtach dóibh chun borradh a chur faoin bhforbairt, mar aon le riachtanais stát oileánach beag i mbéal forbartha (SIDanna) a chur san áireamh. Ba cheart do bhaill na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) fabhair fhóinteacha ó thaobh na tráchtála a ullmhú i gcomhair sheirbhísí LDC agus soláthróirí seirbhísí i gcomhthéacs tarscaoileadh seirbhísí GATS LDC. Tá sé tábhachtach an leibhéal réigiúnach a chur chun cinn. Ba cheart comhar réigiúnach a chur san áireamh go cuí — le comhaontuithe trádála réigiúnacha agus idir-réigiúnacha d'fhéadfaí tacú le comhtháthú trádála níos forleithne agus le rochtain mhéadaithe ar shlabhraí luacha réigiúnacha agus domhanda. Is gné ríthábhachtach den bhealach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach ar fud an domhain é slabhraí luacha domhanda atá inbhuanaithe a fhorbairt. Ba cheart do thíortha atá ag tabhairt faoi chomhaontuithe trádála an tionchar a bheidh acu ar thíortha atá i mbéal forbartha agus ar fhorbairt inbhuanaithe a chur san áireamh.

47. Maidir leis na tíortha forbartha uile agus leis na geilleagair go léir atá ag teacht chun cinn, ba cheart dóibh rochtain shaor ó dhleacht agus ó chuótaí a thabhairt ar a gcuid margaí do tháirgí LDC, ach amháin d'airm agus d'armlón. Caithfidh gach tír dul i ngleic níos mó de réir a chéile le saincheisteanna atá ábhartha taobh thiar den teorainn amhail: éascú trádála; rialacháin agus caighdeáin theicniúla; rialacháin i ndáil le saothar agus leis an gcomhshaol; infheistíocht; seirbhísí; cearta maoine intleachtúla; soláthar poiblí. Is féidir trádáil a spreagadh le rialacha tionscnaimh atá trédhearcach agus simplithe, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach.

48. Ní foláir le beartas trádála, lena n-áirítear comhaontuithe trádála agus infheistíochta, forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú go hiomchuí, lena n-áirítear na gnéithe sóisialta agus na gnéithe comhshaoil a bhaineann léi. Ba cheart go dtabharfaí níos mó tacaíochta d'iarrachtaí iltaobhacha agus don chomhaontú iltaobhach maidir le hearraí agus le seirbhísí comhshaoil, agus chun croíchaighdeáin saothair mar aon le coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a chur chun feidhme agus, chomh maith leis sin, ar mhaithe leis na Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil (CICanna) a chur chun feidhme. Le treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn mar aon le scéimeanna inbhuanaitheachta poiblí agus príobháideacha, is féidir sochair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta a sholáthar freisin. Leagaimid béim ar an ngá atá ann chun dul i ngleic le trádáil neamhdhleathach de gach cineál.

49. Bhí an tAontas i gcónaí ina cheannródaí maidir leis na hiarrachtaí a dhéantar chun leas a bhaint as trádáil d'fhonn fás agus forbairt idir inbhuanaithe agus chuimsitheach a chothú: is é sa mhargadh atá againne a gcuirtear na deiseanna is fearr ar fáil do thíortha atá i mbéal forbartha, agus rochtain iomlán saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí á tabhairt do LDCanna i ndáil le gach rud seachas airm agus armlón; tá an tAontas, in éineacht lena Bhallstáit, ar thús caidhníochta i dtaca le Cúnamh don Trádáil a sholáthar; tá ár gcomhaontuithe trádála cuimsitheach; agus tá an fhorbairt inbhuanaithe chuimsitheach comhtháite againn lenár mbeartas trádála agus infheistíochta. Cuireann an tAontas ar bhealach gníomhach le forbairt agus le comhtháthú réigiúnach, lena bhféadfar cabhrú le tíortha chun feabhas a chur ar an iomaíochas sa mhargadh domhanda, chun dlús a chur le trádáil, le hinfheistíocht agus le soghluaisteacht agus chun cabhrú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht a chothú.

50. Tá an tAontas Eorpach tiomanta don rath a bhaint amach ag an deichiú Comhdháil Aireachta (MC 10) de chuid EDT, a thionólfar in Nairobi i mí na Nollag 2015, agus do dhul chun cinn cinntitheach a dhéanamh i ndáil le caibidlíocht Bhabhta Forbartha Doha agus maidir le pacáiste torthaí Bali a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Comhaontú um Éascú Trádála agus gnéithe LDC. Ní mór tús áite a thabhairt do na nithe sin a chur chun feidhme.

*(vii)An eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuáil a chothú*

51. Tá infheistíochtaí san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuáil (ETN) ríthábhachtach chun an bhochtaineacht a dhíothú agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus, fairis sin, chun friotháil ar dhúshláin thuineanta dhomhanda sa tsochaí agus iad a shainaithint. D'fhonn cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a fheabhsú, tá gá le feabhas a chur ar an idirphlé idir an eolaíocht agus beartais. Ba cheart do gach tír an comhar déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach a mhéadú maidir le ETN chun cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbuanaithe (SFI) a chur chun cinn. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do ETN a chothú, mar shampla trí bhíthin a chlár réime le haghaidh taighde agus nuála. Tacófar le forbairt inbhuanaithe freisin, trí "Fís 2020" laistigh den Aontas agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta araon. Aithníonn an tAontas freisin an ról tábhachtach atá ag tíortha meánioncaim (MICanna) agus an gá atá ann obair go héifeachtach in éineacht leo maidir le comhar i gcúrsaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta, agus le fothú acmhainní chomh maith leis sin. Ba cheart do na tíortha go léir a chur de cheangal orthu féin oibriú i gcomhar le chéile chun réitigh nuálacha a chothú don fhorbairt inbhuanaithe.

52. Tá feidhm thábhachtach ag tíortha forbartha agus, go háirithe, na geilleagair atá ag teacht chun cinn anois i dtaca leis an teicneolaíocht a fhorbairt, a aistriú agus a scaipeadh, mar aon le acmhainní a fhorbairt agus an comhar eolaíoch agus teicneolaíoch, go háirithe leis na tíortha sin is lú forbairt (LDC). Tá an infheistíocht agus an rannpháirtíocht fhadtéarmach, lena n-áirítear le pobail áitiúla agus úsáideoirí deiridh, riachtanach ionas go n-éireoidh leo sa réimse seo.

53. Cé go bhfuil ról tábhachtach freisin ag an earnáil phoiblí, tá an chuid is mó de na teicneolaíochtaí faoi úinéireacht na hearnála príobháidí, agus ba cheart a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra a chur in iúl go láidir i ndáil leis sin. Ní mór forbairt, aistriú agus scaipeadh na dteicneolaíochtaí a chothú trí thimpeallacht fhabhrach bheartais agus dreasachtaí iomchuí a chruthú, ar théarmaí a chomhaontaítear go frithpháirteach. I ndáil leis sin, cuirfimid i bhfáth an tábhacht a bhaineann le cearta maoine intleachtúla a chosaint ar gach leibhéal i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála agus na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) agus acmhainní a fhorbairt chun an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as na teicneolaíochtaí atá ar fáil.

54. Trí thaighde i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) agus nuálaíocht dhigiteach a chur chun cinn mar aon le húsáid éifeachtach a bhaint as na teicneolaíochtaí nua agus nuálacha, go háirithe TFC, cruthaítear timpeallacht féidearthachta don fhás cuimsitheach, inbhuanaithe. Ba cheart do gach tír sochaí a fhothú ina bhfuil an fhaisnéis ar leathanoscailt, ina mbíonn rochtain ag gach duine ar theicneolaíochtaí digiteacha agus creataí dlíthiúla a ghlacadh chun an tslándáil agus saoirse cainte, rochtain ar fhaisnéis agus príobháideacht a chosaint sa ré dhigiteach.

55. Ba cheart go gcoinneodh na Náisiúin Aontaithe orthu d'fhonn rochtain ar an bhfaisnéis maidir le sásraí atá ann cheana a dhéanamh níos fusa, lena n-áirítear maidir le teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus comhordú a chur chun cinn eatarthu, agus aird á tabhairt ar na dúshláin shonracha atá ag na tíortha is lú forbairt.

***(viii) Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus an leas is fearr a bhaint as tionchar dearfach na himirce***

56. Féadfaidh an imirce agus an tsoghluaisteacht dhea-bhainistithe rannchuidiú go dearfach ag gníomhú dóibh ar mhaithe le fás cuimsitheach agus le forbairt inbhuanaithe. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an imirce ar bhealach iomlánaíoch, agus aird iomlán á tabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin na himirce maidir le forbairt. Leis an gComhpháirtíocht nua Dhomhanda ba cheart go bhféadfaí cur chuige níos comhoibrí a chothú chun cur leis na sochair a bhaineann le himirce idirnáisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe agus na leochaileachtaí a laghdú. Ní mór do gach tír iarracht a dhéanamh chun an imirce a bhainistiú go héifeachtach agus urraim iomlán á tabhairt do chearta an duine agus dínit na n-imirceach. Chuige sin, ní mór aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar an imirce dhleathach agus neamhrialta araon i dtíortha tionscnaimh, idirthurais agus ceann scríbe, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne imircigh a smuigleáil agus a gháinneáil, go háirithe trí líonraí coiriúla a chomhrac. Tá an tAontas tiomanta do chomhleanúnachas a áirithiú idir an imirce agus beartais agus cuspóirí forbraíochta agus tá sé tiomanta do leas a bhaint as an méid ar féidir le diaspóraí a chur le forbairt. Le Cur Chuige Domhanda an Aontais i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta soláthraítear creat éifeachtúil le dul i gcomhar le tríú tíortha maidir le saincheisteanna imirce ar shlite comhthairbheacha.

57. Tá gá le tionscnaimh chun go bhféadfaidh imircigh cion níos mó dá dtuileann siad a choimeád, go háirithe tríd an gcuimsiú airgeadais a fheabhsú, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí airgeadais, costais a laghdú agus bealaí sábháilte a áirithiú le haghaidh seoltáin airgid. Is gá aghaidh a thabhairt freisin ar chostais eile a bhaineann leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht, amhail ganntanas scileanna i ngeall ar an eisimirce agus ar chostais earcaíochta. Ba cheart deiseanna le haghaidh scileanna trasteorann a aithint a chur ar fáil.

58. Ina theannta sin, ní mór dúinn dul i ngleic le cleachtais neamhscrupallacha earcaíochta, cabhrú le deiseanna infheistíochta a bhunú don diaspóra, agus cearta daoine easáitithe a chosaint. Ba cheart dúinn an comhar a mhéadú maidir le rochtain ar shochair a thuilltear agus maidir lena aistriú, i gcomhréir leis na prionsabail dá bhforáiltear sna comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta.

## IV. Faireachán, athbhreithniú agus cuntasacht

59. Tá an tAontas agus na Ballstáit tiomanta i gcónaí do chreat láidir faireacháin, cuntasachta agus athbhreithnithe a bhunú agus a chur chun feidhme agus ba cheart don chreat sin a bheith ina chuid dhílis den Chlár Oibre Iar-2015. Leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle, mí na Nollag 2014, na bunphrionsabail agus ba cheart go ndéanfadh siad treoir dóibh sin sa chúram sin. Ba cheart go mbeadh creat uileghabhálach amháin faoina gcumhdaítear gach gné de na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus na modhanna uile cur chun feidhme, lena n-áirítear gach gné den mhaoiniúchán.

60. Agus nádúr uilíoch an Chláir Oibre Iar-2015 á threisiú acu, ba cheart gurb iad seo leanas príomhchuspóirí an fhaireacháin, na cuntasachta agus an chreata athbhreithnithe: an dul chun cinn domhanda a fhaire; malartú dea-chleachtas agus an fhoghlaim fhrithpháirteach a chothú lena n-áirítear friotháil ar chomhdhúshláin bonn araon; na geallsealbhóirí go léir a lánpháirtiú go gníomhach; agus fócas polaitiúil agus ceannaireachta a chur ar fáil chun tuilleadh gníomhaíochta a spreagadh agus a dhreasú.

61. Ba cheart go n-oibreodh an creat sin ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, agus ba cheart dó follúnú leis na córais atá bunaithe cheana féin le haghaidh faireacháin agus cuntasachta. Spreagaimid gach tír iad féin a thiomnú do phróiseas il-gheallsealbhóra faireacháin, cuntasachta agus athbhreithnithe agus córais a bhunú le haghaidh cuntasachta ar an leibhéal náisiúnta, ar bhonn straitéisí náisiúnta inbhuanaithe forbraíochta nó creataí ábhartha eile. Bíonn ról tábhachtach ag parlaimintí náisiúnta, ag rialtais áitiúla agus ag gníomhaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear insititiúidí faisnéise, sa chomhthéacs seo, dála mar a bhíonn ag uasfhorais iniúchóireachta agus institiúidí maoirseachta neamhspleácha eile. Ba cheart go rannchuideodh an faireachán ar bhonn náisiúnta freisin leis an bhfaireachán a dhéanamh ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear trí staidreamh agus faisnéis ábhartha eile a sholáthar maidir le táscairí ar fud an domhain. D'fhéadfaí fóram a chur ar fáil ar an leibhéal réigiúnach a bheadh úsáideach i dtaca le hathbhreithniú piaraí agus le foghlaim, lena spreagfaí tíortha chun spriocanna uaillmhianacha a shocrú agus an cur chun feidhme a dhreasú. Leis an obair ar an leibhéal réigiúnach d'fhéadfaí cabhrú freisin le dul chun cinn a áirithiú maidir le saincheisteanna trasteorann agus maidir le spriocanna comhroinnte ar bhonn réigiúnach.

62. Ar an leibhéal domhanda, leis an gcreat faireacháin aonair i dtaca le cuntasacht agus athbhreithniú, ba cheart úsáid iomlán a bhaint as Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta agus comhlachtaí ábhartha eile nó fóraim a bhfuil saineolas acu i réimsí éagsúla, ar bhealach comhordaithe, chun dúbláil a sheachaint agus an t-ualach riaracháin a theorannú. Ba cheart gurb é Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe (HLPF), an fóram príomhúil ar an leibhéal domhanda. Ba cheart do HLPF tarraingt ar phróisis athbhreithnithe náisiúnta agus réigiúnacha agus príomhról maoirseachta a imirt chun tiomantas polaitiúil a chothú agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn agus comhroinnt dea-chleachtas a éascú agus moltaí maidir le tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda. Tríd an Tuarascáil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda, ba cheart tacú le HLPF lena ról a chomhlíonadh agus cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a éascú ar gach leibhéal. Ba cheart do HLPF ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí na Comhpháirtíochta Domhanda maidir le Comhar don Fhorbairt Éifeachtach agus ón bhFóram Comhair don Fhorbairt.

63. Tacaíonn an tAontas Eorpach agus na Ballstáit le bunghrúpa de tháscairí domhanda dírithe ar thorthaí a fhorbairt chun tomhas, faireachán agus athbhreithniú Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a fhothú. Ba cheart an méid seo a dhéanamh trí phróiseas teicniúil faoi stiúir saineolaithe, bunaithe ar chóras na Náisiún Aontaithe agus oifigí staidrimh náisiúnta agus réigiúnacha. Tacaímid leis an treochlár a chomhaontaigh Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe i dtaca le forbairt a dhéanamh ar chreat táscairí domhanda agus lena thráthchlár. Is díol sásaimh dúinn go gcruthófar Idirghníomhaireacht agus Grúpa Saineolaithe maidir le Táscairí SFI agus go gcruthófar Grúpa Ardleibhéil sa chomhthéacs sin. Ba cheart go mbunófaí táscairí agus sonraí, a mhéid is féidir, ar na táscairí atá ann cheana chun a áirithiú go mbeidh tacar sonraí stóinsithe ann agus réitigh atá éifeachtach ó thaobh costais de, ach d'fhéadfadh sé nárbh fholáir táscairí nua a fhorbairt ag an am céanna. Tacaíonn an tAontas le roghnú táscairí domhanda ar féidir iad a úsáid chun dul chun cinn i leith spriocanna éagsúla a rianú go comhuaineach, rud a chruthódh creat comhtháite lena neadaítear ann nascálacha agus iarmhéideanna do na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe — agus líon na dtáscairí á dteorannú. Chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le laghdú éagothroime agus chun nach bhfágfaí aon duine ar an trá fholamh, ba cheart do na táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bheith íogair ó thaobh inscne agus aoise, ba cheart gné de chearta an duine a bheith iontu agus, i gcás inar féidir, ba cheart dóibh a bheith imdhealaithe de réir ioncaim, gnéis, inscne, aoise agus fachtóirí eile. Chun sonraí a bhailiú ba cheart na féidearthachtaí a thairgtear le sonraí digiteacha agus geospásúla, teicneolaíochtaí digiteacha agus an faireachán in situ a úsáid. Ba cheart don Aontas Eorpach tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí chun feabhas a chur ar chumhdach agus ar cháilíocht na sonraí i gcomhair tíortha atá i mbéal forbartha.

## V. <u>An bealach chun cinn</u>

64. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dá ról gníomhach follúnach sna próisis uile atá ar bun i láthair na huaire agus tacóidh siad lena gcóineasú chun Clár Oibre don tréimhse i ndiaidh 2015 a bhaint amach. Chun na críche sin, coinneoidh an tAontas agus na Ballstáit orthu le comhsheasaimh a fhorbairt agus a nuashonrú chun go mbeidh siad rannpháirteach ar bhealach éifeachtach agus aontaithe san idirbheartaíocht idirnáisiúnta reatha, lena n-áirítear trí na saincheisteanna a aithnítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún a thabhairt ar aghaidh .i. "Comhpháirtíocht Dhomhanda a bhunú chun an Bhochtaineacht a Dhíothú agus Forbairt Inbhuanaithe a shroicheadh tar éis 2015".

65. Chun go n-éireodh leis an gComhpháirtíocht Dhomhanda seo, beidh ar na Ballstáit go léir a gcion féin a dhéanamh. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit tiomanta don ról atá acu a ghlacadh ina iomláine agus d'oibriú go follúnach le dreamanna eile ionas go bhféadfar Clár Oibre Iar-2015 a bheidh cuimsitheach, uaillmhianach, claochlaitheach a bhunú agus a chur chun feidhme.